COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2011 (01.07)
(OR. en)

11903/11

POLGEN 104

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5688/1/11 REV 1 |
| Ábhar: | Liosta de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle |

1. In Iarscríbhinn I, gheobhaidh na toscaireachtaí liosta de chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle[1].

2. Is í an Chomhairle í féin nó COREPER amháin atá in ann Coistí nó Meithleacha a bhunú, agus ní féidir iad a bhunú gan a gcead siúd. Ní féidir ach na coistí agus na Meithleacha atá ar an liosta seo teacht le chéile mar chomhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle (Airteagal 19(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle).

[1] Ní áirítear ar an liosta sin na Coistí Comhpháirteacha ná comhlachtaí eile a mbíonn baint acu le tríú tíortha. Ní áirítear comhlachtaí áirithe eile leis ach oiread (e.g. Comhúdarás Maoirseachta Schengen, COST ná an Buanchoiste um an bhFostaíocht) ar comhlachtaí iad a thagann le chéile i bhfoirgneamh na Comhairle ach nach comhlachtaí ullmhúcháin de chuid na Comhairle iad.

3. Mar riail ghinearálta, tograí teicniúla nua atá substaintiúil agus tábhachtach agus a dteastaíonn saineolas sonrach uathu, ba cheart iad a áireamh in inniúlachtaí na Meithle inniúla atá ann cheana féin. Más gá é de bharr cúiseanna praiticiúla, áfach, d'fhéadfaí foréimse sonrach a liostú seachas Meitheal nua a bhunú, bíodh sí buan nó *ad hoc*. Le liostú foréimsí, *ní chiallaítear* go dteorannaítear inniúlachtaí na Meithleacha do na foréimsí sin; clúdaíonn inniúlacht na Meithleacha aon ábhair a thagann faoina raon ginearálta. Is féidir leis an Uachtaránacht foréimsí mar sin a liostú ar bhonn gá praiticiúil a bheith ann dóibh.

4. Tagann deireadh le Meithleacha *ad hoc* nuair a bhíonn a dtéarmaí tagartha comhlíonta. Ba cheart go luafaí an riail sin sna téarmaí tagartha nó ba cheart go mbeadh teorainn ama ag gabháil leis na téarmaí tagartha.

5. Níor cheart cruinnithe a thionól ach amháin nuair a bhíonn clár oibre sách téagartha i gceist nó nuair is gá cruinniú i bhfianaise spriocdhátaí oibiachtúla.

6. I gcás na gcomhlachtaí ullmhúcháin atá marcáilte le réiltín amháin, ba cheart do thoscairí imréiteach pearsanta slándála AE a bheith acu ar leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad. I gcás na gcomhlachtaí ullmhúcháin atá marcáilte le dhá réiltín, ba cheart do thoscairí imréiteach pearsanta slándála AE a bheith acu ar leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad[1]. Ba cheart d'aon toscaire nua imréiteach slándála ar an leibhéal cuí a fháil a luaithe is féidir. Leagtar amach in <u>Iarscríbhinn II</u> na riachtanais slándála chun dul isteach go cruinnithe, go háirithe cruinnithe ina mbeidh faisnéis rúnaicmithe á plé.

7. Leagtar amach in <u>Iarscríbhinn III</u> na comhlachtaí ullmhúcháin uile a bhfuil cathaoirleach seasta acu (i.e. coistí nó meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu, arb é ionadaí de chuid an Ardionadaí nó de chuid Ardrúnaí na Comhairle atá mar chathaoirleach acu).

---

1 Cuirtear na tagairtí seo in Iarscríbhinn I in ionad na tagartha do 8683/05 + COR 1, agus cuirtear an chéad tagairt ar ceal dá réir.

## LIOSTA DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE


| | | |
|---|---|---|
| **A.** | **Coistí arna mbunú leis na Conarthaí, le cinntí idir-rialtasacha, le gníomhartha na Comhairle, agus grúpaí a bhfuil dlúthbhaint acu le COREPER** | **4** |
| **B.** | **Gnóthaí Ginearálta** | **6** |
| **C.** | **Gnóthaí Eachtracha** | **7** |
| **D.** | **Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais** | **8** |
| **E.** | **Ceartas agus Gnóthaí Baile** | **9** |
| **F.** | **Talmhaíocht agus Iascaireacht** | **10** |
| **G.** | **Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás)** | **13** |
| **H.** | **Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh** | **14** |
| **I.** | **Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí na dTomhaltóirí** | **14** |
| **J.** | **Comhshaol** | **14** |
| **K.** | **Oideachas, an Óige, Cultúr agus Spórt** | **14** |

| COISTÍ ARNA mBUNÚ LEIS NA CONARTHAÍ | |
|---|---|
| A.1 | Coiste na mBuanionadaithe (COREPER) *<br>- Cuid II<br>- Cuid I |
| A.2 | An Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais [1](°) ** |
| A.3 | An Coiste Fostaíochta [2] (°) |
| A.4 | An Coiste um an mBeartas Trádála [3]<br>- Baill Iomlána<br>- Ionadaithe<br>- Saineolaithe (STIS, Seirbhísí agus Infheistíocht, Aitheantas Frithpháirteach) |
| A.5 | An Coiste Polaitiúil agus Slándála (°°)* |
| A.6 | An Buanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach (COSI)[4] |
| A.7 | An Coiste um Chosaint Shóisialta [5](°) |
| **COISTE ARNA BHUNÚ LE CINNEADH IDIR-RIALTASACH** | |
| A.8 | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) [6] |

* Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad.

** Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad.

(°) Coistí agus Meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu

(°°) Coistí agus Meithleacha arb é ionadaí de chuid Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála atá mar chathaoirleach acu

[1] Comhlacht comhairleach é seo a bunaíodh faoi Airteagal 134 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus a ullmhaíonn tuairimí ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, agus a bhíonn rannpháirteach in ullmhúchán nósanna imeachta na Comhairle. Tá cathaoirleach tofa aige agus is é an Coimisiún a sholáthraíonn an rúnaíocht dó (féach IO L 158, 27.6.2003, lth.58).

[2] Comhlacht comhairleach é seo a bunaíodh faoi Airteagal 150 CFAE a ullmhaíonn tuairimí ar iarratas ón gComhairle nó ón gCoimisiún, agus a bhíonn rannpháirteach in ullmhúchán nósanna imeachta na Comhairle. Tá cathaoirleach tofa aige agus is é an Coimisiún a sholáthraíonn an rúnaíocht dó (féach IO L 29, 04.02.00, lth.21).

[3] Cabhraíonn an Coiste um an mBeartas Trádála leis an gCoimisiún agus comhaontuithe trádála á gcaibidliú aige agus cuireann sé comhairle ar an gCoimisiún maidir leis an gcomhbheartas tráchtála. Tá ról comhairleach aige gan dochar d'fheidhmeanna na meithleacha ábhartha geografacha atá freagrach as an gcaidreamh déthaobhach le tríú tíortha (cf. 16864/09 agus 5662/10).

[4] Bunaíodh an Coiste seo, dá bhforáiltear le Airteagal 71 CFAE, le Cinneadh ón gComhairle (féach 5949/10 + COR 1).

[5] Comhlacht comhairleach é seo a bunaíodh faoi Airteagal 160 CFAE agus a ullmhaíonn tuairimí ar iarrtas ón gComhairle nó ón gCoimisiún. Tá cathaoirleach tofa aige agus is é an Coimisiún a sholáthraíonn an rúnaíocht dó (féach IO L 314, 13.10.04, lth.8).

[6] Bunaíodh an Coiste Speisialta um Thalmhaíocht (CST) le cinneadh ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát an 12 Bealtaine 1960 chun cinntí na Comhairle Talmhaíochta a ullmhú.

| COISTÍ ARNA mBUNÚ LE GNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE | |
|---|---|
| A.9 | An Coiste Míleata (CMAE) [1] (°) * |
| A.10 | An Coiste um Ghnéithe Sibhialtacha den Bhainistíocht ar Ghéarchéimeanna [2] (°°)* |
| A.11 | An Coiste um Beartas Eacnamaíoch [3] (°) |
| A.12 | An Coiste um Sheirbhísí Airgeadais [4] (°) |
| A.13 | An Coiste Slándála [5] (°)<br>- Ráthú Faisnéise (AQUA, saineolaithe)[6]<br>- saineolaithe GNSS [7]<br>- An Bord um Chreidiúnú Slándála (SAB) |
| **GRÚPAÍ A BHFUIL DLÚTHBHAINT ACU LE COREPER** | |
| A.14 | Meitheal Antici * |
| A.15 | Meitheal Mertens * |
| A.16 | Meitheal "Cairde na hUachtaránachta" |
| **COMHAIRLEOIRÍ/ATTACHÉS** | |
| A.18 | Comhairleoirí/Attachés [8] |

* Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad.

(°) Coistí agus Meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu

(°°) Coistí agus Meithleacha arb é ionadaí de chuid Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála atá mar chathaoirleach acu

(°°°) Coistí agus Meithleacha arb í Ardrúnaíocht na Comhairle a dhéanann cathaoirleacht orthu

1 Féach Cinneadh 2001/79/CBES ón gComhairle an 22 Eanáir 2001, IO L 27, 30.1.2001, lth. 4-6. Cathaoirleach tofa a bhíonn ag an gCoiste seo, mar a dhearbhaítear le nóta 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2009/908/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009, IO L 322, 9.12.2009, lth.28.

2 Féach Cinneadh 2000/354/CBSE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2000, IO L 127, lth.1.

3 Féach Cinneadh 2000/604/AE ón gComhairle an 29.09.00, IO L 257, 11.10.00, lth. 28. Cathaoirleach tofa a bhíonn ag an gCoiste seo agus is é an Coimisiún a sholáthraíonn an rúnaíocht dó.

4 Féach Cinneadh ón gComhairle an 18 Feabhra 2003, IO L 67, 12.03.2003, lth. 17.

5 Féach Cinneadh 2011/292/AE ón gComhairle an 27.05.11, IO L 141, 27.05.11, lth. 17.

6 Féach 6952/2/11, lth.23

7 Féach 7559/1/06 REV 1.

8 Níor tháinig aon athrú ar na cleachtais sna hearnálacha éagsúla ó thaobh cruinnithe foirmiúla de chuid na gComhairleoirí agus na Attachés a thionól agus a eagrú.

| GNÓTHAÍ GINEARÁLTA | |
|---|---|
| B.1 | An Mheitheal um Ghnóthaí Ginearálta |
| B.2 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| B.3 | An Mheitheal Ardleibhéil um Thearmann agus Imirce [1] |
| B.4 | An Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí[2] |
| B.5 | An Mheitheal um Bhearta Structúracha |
| B.6 | An Mheitheal um na Réigiúin is Forimeallaí |
| B.7 | An Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha ** |
| B.8 | An Mheitheal um Staitisticí[3] |
| B.9 | An Mheitheal um Fhaisnéis (°°°) |
| B0.10 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| B.11 | An Coiste Comhordúcháin do Chórais Cumarsáide agus Faisnéise (CCCCF) [4] (°°°) * - CCCCF (TECH)[5] |
| B.12 | An Mheitheal um Chódú Reachtaíochta (°°°) |
| B.13 | Meitheal na Saineolaithe Dlí/Teanga (°°°) |
| B.14 | An Mheitheal um an gCúirt Bhreithniúnais |
| B.15 | An Mheitheal um na Rialacháin Foirne |
| B.16 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| B.17 | An Mheitheal ad hoc ar a Leanann as Conclúidí na Comhairle maidir leis an gCipir an 24 Aibreán 2004 [6] |
| B.18 | An Mheitheal ad hoc i ndáil leis an Meicníocht um Chomhar agus um Fhíorú don Bhulgáir agus don Rómáin[7] |
| B.19 | An Mheitheal um Méadú agus um Thíortha a bhfuil aontachas leis an AE á Chaibidliú acu[8] |
| B.20 | An Mheitheal ad hoc chun an Conradh Aontachais leis an gCróit a Dhréachtú [9] |
| B.21 | An Mheitheal um R-Dhlí [10] (°°°) |

* Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad.

** Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad.

(°°°) Coistí agus Meithleacha arb í Ardrúnaíocht na Comhairle a dhéanann cathaoirleacht orthu

1 D'fhormheas an Chomhairle í an 25 Eanáir 1999 agus rinne Coreper amhlaidh an 4 Meitheamh 2002.

2 Tá an Mheitheal Chothrománach um Dhrugaí ann chun forléargas a áirithiú maidir le gach ceist a bhaineann le drugaí. Cinnteoidh an Uachtaránacht agus an Ardrúnaíocht, dá réir sin, go bhfaighidh sí an fhaisnéis ar fad maidir le gach ceist a bhaineann le drugaí a phléitear i meithleacha eile.

3 Déileálann an Mheitheal sin le staitisticí, go háirithe iad siúd a bhaineann le ECOFIN, leis an margadh inmheánach, le talmhaíocht agus iascach, leis an mbeartas sóisialta, agus le sláinte agus cosaint na dtomhaltóirí. Bíonn forléargas ag an Meitheal seo ar gach ceist a bhaineann le staitisticí. Cinntíonn an Uachtaránacht agus an Ardrúnaíocht, dá réir sin, go bhfaigheann sí faisnéis maidir le gach ceist a bhaineann le staitisticí a phléitear i Meithleacha eile (cf. 7003/03, lth. 2).

4 Cf. 14195/10

5 Cf. 5189/11

6 Cf. COREPER (Cuid 2) an 7 Aibreán 2004.

7 Cf. 5144/10

8 Cf. 10249/10

9 Cf. 16918/09 a ghlac COREPER an 7.12.2009.

10 Áirítear B10 léi. Cf. 16113/10

| GNÓTHAÍ EACHTRACHA | |
|---|---|
| C.1 | Meitheal na gComhairleoirí um Chaidreamh Eachtrach * |
| C.2 | An Mheitheal um an Dlí Idirnáisiúnta Poiblí**<br>- An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta |
| C.3 | An Mheitheal um Dhlí na Farraige |
| C.4 | An Mheitheal um na Náisiúin Aontaithe (°°)** |
| C.5 | An Mheitheal um ESCE agus um Chomhairle na hEorpa (°°)** |
| C.6 | An Mheitheal um Chearta an Duine (°°)** |
| C.7 | An Mheitheal um Chaidreamh Trasatlantach (°°)* |
| C.8 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| C.9 | An Mheitheal um Oirthear na hEorpa agus Lár na hÁise (°°)* |
| C.10 | An Mheitheal um CSE [2] ** |
| C.11 | An Mheitheal um Réigiún na mBalcán Thiar (°°)* |
| C.12 | An Mheitheal ad hoc um Próiseas Síochána an Mheánoirthir* |
| C.13 | An Mheitheal um an Meánoirthear/an Mhurascaill (°°)* |
| C.14 | An Mheitheal um an Mhaisreic/an Mhaghraib(°°)* |
| C.15 | An Mheitheal um an Afraic[3](°°)* |
| C.16 | An Mheitheal um an ACC[4](°°)* |
| C.17 | An Mheitheal um an Áise-Aigéine (°°)* |
| C.18 | An Mheitheal um Meiriceá Laidineach (°°)* |
| C.19 | An Mheitheal um Sceimhlitheoireacht (Gnéithe Idirnáisiúnta)* |
| C.20 | An Mheitheal um Neamhleathadh (°°)* |
| C.21 | An Mheitheal um Onnmhairiu Gnáth-Arm (°°)*- An Conradh um Thrádáil in Airm |
| C.22 | An Mheitheal um Dhí-Armáil Dhomhanda agus Rialú Arm (°°)**<br>- An Spás |
| C.23 | An Mheitheal um Earraí Dé-Úsáide** |
| C.24 | An Mheitheal um Beartas Arm Eorpach** |
| C.25 | An Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata (°°)* |
| C.26 | Meitheal an Choiste Mhíleata [5] (°) *- HTF |
| C.27 | An Mheitheal um Cheisteanna Adamhacha ** |
| C.28 | An Mheitheal um Chóras na bhFabhar Ginearálaithe |
| C.29 | *Níl ann di a thuilleadh* |

* Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad.

** Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad.

(°) Coistí agus Meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu

(°°) Coistí agus Meithleacha arb é ionadaí de chuid Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála atá mar chathaoirleach acu

[1] Cf. 5603/04

[2] Chomh maith le tíortha an CSE agus na hOileáin Fharó, clúdaíonn an Mheitheal seo ábhair a bhaineann le Monacó, Andóra, San Mairíne agus an Suí Naofa.

[3] Cf. 8745/08

[4] Áirítear ACC/FIN léi sin.

[5] Cathaoirleach tofa a bhíonn ag an gCoiste seo (féach nóta 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2009/908/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009, IO L 322, 9.12.2009, lth.28.) Is féidir na saineolaithe a thionól chun cruinnithe i gcomhthráth le cruinniú na Meithle (cf. 400/1/00 ADD 1 REV 2, lth. 37-95).

| | |
|---|---|
| C.30 | An Mheitheal um Chomhar don Fhorbairt** |
| C.31 | An Mheitheal um Ullmhúchán do Chomhdhálacha Idirnáisiúnta don Fhorbairt** |
| C.32 | An Mheitheal um Chúnamh Daonnúil agus um Chúnamh Bia |
| C.33 | An Mheitheal um Thráchtearraí |
| C.34 | An Mheitheal um Ghnóthaí Consalachta** |
| C.35 | An Mheitheal um Ghnóthaí Riaracháin CBES agus um Prótacal CBES** |
| C.36 | Meitheal Nicolaidis [1](°°)* |
| C.37 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| C.38 | An Mheitheal um bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac[2] |

| GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS | |
|---|---|
| D.1 | An Mheitheal um Acmhainní Dílse |
| D.2 | Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais |
| D.3 | An Mheitheal um Sheirbhísí Airgeadais |
| D.4 | An Mheitheal um Cheisteanna Cánach- Cánachas Indíreach (CBL, Dleachtanna Máil, Cánachas fuinnimh)<br>- Cánachas Díreach (lena n-áirítear Cánachas ar Choigilteas, ar Ús agus ar Ríchíosanna) |
| D.5 | An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) [3] (°)<br>- Foghrúpa A<br>- Foghrúpa B<br>- Foghrúpa (Ceisteanna frith-mhí-úsáide a bhaineann le haistrithe brabúis isteach agus amach agus neamhréireachtaí idir chórais chánach) |
| D.6 | Meitheal Ardleibhéil [4] |
| D.7 | An Coiste um an mBuiséad |
| D.8 | An Mheitheal um Chomhrac na Calaoise |
| D.9 | An Mheitheal um Árachas[5] |
| D.10 | An Mheitheal ad hoc um Rialachas Eacnamaíoch[6] |
| D.11 | An Mheitheal um Chreidmheasanna Onnmhairiúcháin[7] |

1 Cf. 8441/03.
2 Cf. 10826/1/07.
(°) Coistí agus Meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu.
3 Ionadaithe ardleibhéil de chuid na nAirí Airgeadais.
4 Bunaíodh í chun a áirithiú go gcomhordófaí an obair chun dul chun cinn comhthreorach a dhéanamh ar an bpacáiste cánach (cf 9915/01).
5 Ba in G 5 a bhí sí roimhe seo, cf. 5441/07 - liostaítear anseo í ós rud é go dtagann "árachas" faoi Ecofin.
6 Bhunaigh COREPER 2 í an 18 Samhain 2010 chun scagadh a dhéanamh ar shé cinn de thograí reachtacha ón gCoimisiún i réimse an rialachais eacnamaíoch.
7 Ba in C29 a bhíodh sí. Sainmhíníodh na cúraimí in S/477e/74, Cinneadh ón gComhairle an 27.9.1960.

| CEARTAS AGUS GNÓTHAÍ BAILE[1] | |
|---|---|
| E.1 | An Coiste Straitéiseach um Inimirce, um Theorainneacha agus um Thearmann (SCIFA) [2]** |
| E.2 | An Mheitheal um Imeascadh, um Imirce agus um Dhíbirt |
| E.3 | An Mheitheal um Víosaí |
| E.4 | An Mheitheal um Thearmann |
| E.5 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.6 | An Mheitheal um Theorainneacha[3] |
| E.7 | An Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta |
| E.8 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.9 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.10 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.11 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.12 | An Mheitheal um Sceimhlitheoireacht* |
| E.13 | An Mheitheal um Chomhar Custaim |
| E.14 | An Mheitheal um Chomhar in Ábhair Choiriúla [4] |
| E.15 | An Mheitheal um Dhlí Coiriúil Substainteach |
| E.16 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.17 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.18 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.19 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.20 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| E.21 | An Mheitheal um Chosaint Shibhialta** |
| E.22 | An Mheitheal um Chearta Bunúsacha, um Chearta na Saoránach agus um Shaorghluaiseacht Daoine[5] |
| E.23 | An Mheitheal um Malartú Faisnéise agus um Chosaint Sonraí[6] |
| E.24 | Meitheal JAI-RELEX [7] |
| E.25 | CATS [8] * |
| E.26 | An Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí |
| E.27 | An Mheitheal um Ábhair a bhaineann le Schengen |
| E.28 | An Mheitheal um Ábhair Ghinearálta, lena n-áirítear Meastóireacht |

* Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal SECRET UE/EU SECRET ar a laghad.

** Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad.

1 Shocraigh Coreper an 17 Nollaig 2009 go ndéanfaí roinnt athruithe ar na struchtúir oibre, a raibh feidhm ag a mbunáite ón 1 Iúil 2010 (17653/09). Agus, an 24 Samhain 2009 (cf. 16070/09 agus 16072/09), shocraigh Coreper mar a leanas:
(a) go leanfadh CATS/SCIFA de bheith ag teacht le chéile go dtí 1 Eanáir 2012. Roimhe sin, measfaidh Coreper an gá do CATS/SCIFA a bheith ann, agus éifeachtúlacht agus comhleanúnachas struchtúir oibre na Comhairle á gcur san áireamh acu.
(b) go ndíreodh CATS/SCIFA ar cheisteanna straitéiseacha nach mbeadh COSI in ann mórán a chur chucu, agus go dtiocfadh siad le chéile de réir mar ab ghá agus á dtionól ag an Uachtaránacht.
(c) go bhféadfadh CATS/SCIFA a bheith páirteach, nuair b'iomchuí sin, in obair reachtach. Agus go leanfaí den fhreagracht iomlán as gníomhartha reachtacha a ullmhú a bheith ar Coreper.

2 Cf. 7440/04, 7780/06 agus 16072/09.

3 Lena n-áirítear cúraimí maidir le doiciméid fhalsaithe.

4 Cf. 6166/2/99.

5 Cf. COREPER (Cuid 2) an 27 Aibreán 2005 (8457/05 CRS CRP 20). An 17 Nollaig 2009, chinn COREPER gurbh iad na cúraimí a bheadh uirthi na hábhair uile a bhaineann le cearta bunúsacha agus cearta na saoránach, lena n-áirítear saorghluaiseacht daoine, caibidlíocht aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, agus obair a leanann as tuarascálacha Ghníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha. Ba cheart go mbeadh an Mheitheal in ann teacht le chéile i bhfoirmíochtaí difriúla nuair ba ghá sin, de réir an ábhair ar an gclár oibre. Rinne COREPER Buanmheitheal di an 17 Nollaig 2009 (cf. doc. 17653/09).

6 Cf. 6259/5/06 REV 5, 9208/1/08 REV 1 (cf. 17653/09)

7 Cf. 14431/1/07. Rinne COREPER Buanmheitheal di an 17 Nollaig 2009 (cf. 17653/09).

8 Cf. 16070/09.

| TALMHAÍOCHT AGUS IASCACH | |
|---|---|
| F.1 | An Grúpa Ardleibhéil um Thalmhaíocht[1] |
| F.2 | An Mheitheal um Struchtúir Talmhaíochta agus um Fhorbairt Tuaithe<br>- Talmhaíocht agus an Comhshaol- Forbairt na Tuaithe<br>- Struchtúir Talmhaíochta<br>- na hOileáin Aeigéacha |
| F.3 | An Mheitheal um Cheisteanna Cothrománacha Talmhaíochta- An CBT a Shimpliú<br>- Rialuithe a Neartú[2] |
| F.4 | An Mheitheal um Tháirgí Talmhaíochta a Chur Chun Cinn |
| F.5 | An Mheitheal um Acmhainní Géiniteacha sa Talmhaíocht |
| F.6 | An Mheitheal um Cháilíocht Earraí Bia<br>- Feirmeoireacht Orgánach<br>- Tásca Geografacha agus Sonrúcháin Tionscnaimh<br>- Deimhnithe de Thréithiúlacht Shonrach |
| F.7 | An Mheitheal um Tháirgí Ainmhíocha<br>- Mairteoil agus Laofheoil<br>- Caoireoil agus Feoil Ghabhair<br>- Muiceoil<br>- Uibheacha agus Éineoil<br>- Bainne agus Táirgí Bainne<br>- Beachaireacht agus Mil |
| F.8 | An Mheitheal um Barra Curaíochta<br>- Gránaigh<br>- Olashíolta<br>- Rís<br>- Barra Próitéine<br>- Farae Triomaithe<br>- Síolta |
| F.9 | An Mheitheal um Shiúcra agus um Iseaglúcóis |
| F.10 | An Mheitheal um Thorthaí agus um Ghlasraí<br>- Bananaí<br>- Torthaí Úra agus Glasraí Úra<br>- Torthaí Próiseáilte agus Glasraí Próiseáilte<br>- Prátaí |
| F.11 | An Mheitheal um Ola Olóige [3] |
| F.12 | An Mheitheal um Fhíonta agus um Alcóil[4]<br>- Fíonta<br>- Fíonta Cumhraithe<br>- Deochanna Biotáilleacha<br>- Alcól<br>- OIV |

[1] Cf. 13642/05. Meitheal atá ar leibhéal ionadaithe na n-Airí.
[2] Lena n-áirítear an córas comhtháite.
[3] Lena n-áirítear ológa.boird.
[4] Lena n-áirítear fínéagar.

| | |
|---|---|
| F.13 | An Mheitheal um Tháirgí Plandúla Speisialta<br>- Bláthadóireacht<br>- Leannlusanna<br>- Tobac<br>- Snáithíní Teicstíle |
| F.14 | An Mheitheal um Tháirgí nach bhfuil liostaithe in Iarscríbhinn I |
| F.15 | An Mheitheal um Cheisteanna Airgeadais i dtaca leis an TalmhaíochtCeisteanna Agra-Airgeadais- AGRIFIN |
| F.16 | An Mheitheal um Fhoraoiseacht |
| F.17 | An Mheitheal um Cheisteanna Talmhaíochta- Táirgí Talmhaíochta Próiseáilte a Lipéadú- Beatha Ainmhithe- Síolta agus Ábhar Iomadaitheach- Orgánaigh Dhíobhálacha- Iarmhair Lotnaidicídí- Lotnaidicídí/Táirgí Cosanta Plandaí- Cearta Póraitheoirí Plandaí- OGM |
| F.18 | Meitheal na bPríomhoifigeach Folláine Plandaí |
| F.19 | An Mheitheal um Fholláine Plandaí- Cosaint agus Cigireacht- Ábhair iomadaitheacha agus Ábhair a Chuirtear- Meitheal Roosendaal |
| F.20 | Meitheal na bPríomhoifigeach Tréidliachta |
| F.21 | Meitheal na Saineolaithe Tréidliachta<br>- an tSláinte Phoiblí- Sláinte Ainmhithe- Leas Ainmhithe- Feirmeoireacht Ainmhithe - Táirgí Iascaigh- Meitheal Potsdam |
| F.22 | An Mheitheal um Chomhordúchán - FAO- ECFE |
| F.23 | Meitheal Codex Alimentarius[1] |
| F.24 | An Mheitheal um an mBeartas Seachtrach Iascaigh |

[1] Tagann an Mheitheal seo le chéile i bhfoirmíochtaí difriúla de réir an ábhair atá á phlé.

| | |
|---|---|
| F.25 | An Mheitheal um an mBeartas Inmheánach Iascaigh |
| F.26 | Meitheal Ard-Stiúrthóirí na Ranna Iascaigh |
| F.27 | *Níl ann di a thuilleadh*[1] |
| F.28 | *Níl ann di a thuilleadh*[2] |
| F.29 | Meitheal ad hoc um Orgánaigh Ghéinmhodnaithe[3] |

1 An Mheitheal ad hoc um Prionsabail Nós Imeachta do Shocruithe le tríú tíortha i réimse na Tréidliachta agus na Folláine Plandaí (cf . 5979/07).

2 11339/08

3 c.f. 12829/1/10 REV 1.

| AN tIOMAÍOCHAS<br>(an Margadh Inmheánach, Tionscal, Taighde agus an Spás[1]) | |
|---|---|
| G.1 | An Mheitheal um Chumas Iomaíochta agus um Fhorás[2] |
| G.2 | An Mheitheal um Sholáthar Poiblí |
| G.3 | An Mheitheal um Maoin Intleachtúil- Paitinní- Cóipcheart- Dearadh- Trádmhairc- Forfheidhmiú |
| G.4 | An Mheitheal um Dhlí na gCuideachtaí |
| G.5 | *Níl ann di a thuilleadh (c.f. D9)* |
| G.6 | An Mheitheal um Bunaíocht agus um Sheirbhísí |
| G.7 | An Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil<br>- Caighdeánú- Mótarfheithiclí (an margadh inmheánach; idirnáisiúnta) [3]- Innealra<br>-<br>- Substaintí Contúirteacha- Creat dlíthiúil nua - Árthaí Áineasa |
| G.8 | An Mheitheal um an Aontas Custaim[4] |
| G.9 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| G.10 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| G.11 | *Níl ann di a thuilleadh*[5] |
| G.12 | An Mheitheal um Iomaíocht |
| G.13 | An Mheitheal um Thaighde |
| G.14 | An Mheitheal Chomhpháirteach um Thaighde agus um Cheisteanna Adamhacha |
| G.15 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| G.16 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| G0.20 | *Níl ann di a thuilleadh* |
| G0.21 | *CELT*[6] |
| G0.22 | An Mheitheal um an Spás[7] |

1 I bhfianaise theacht i bhfeidhm an CFAE, agus go háirithe Airteagal 189 de, d'fhormheas an Chomhairle Eorpach cinneadh, ar mholadh ón gComhairle Gnóthaí Ginearálta, an 16 Meán Fómhair 2010, go nglacfaí leis an Spás san ainmníocht.

2 Lena n-áirítear an margadh inmheánach, tionscal, longthógáil agus turasóireacht. I gcomhréir leis an gcinneadh ó COREPER (14818/02), tagann an Mheitheal seo le chéile i bhfoirmíochtaí difriúla, de réir na n-abhár ar an gclár oibre. Nuair is gá sin, agus ar thionscnamh na hUachtaránachta, tagann an Mheitheal le chéile ar leibhéal sinsearach, le hionadaithe atá ainmnithe ag na Ballstáit chun déileáil le, *inter alia,* ceisteanna cothrománacha.

3 Cf. 17185/08

4 Rinneadh Meitheal amháin de dhá fhoghrúpa éagsúla "Reachtaíocht Chustaim agus Beartas Custaim" agus "Comhtharaif Chustaim" (cf. DS 1310/11).

5 Cuireadh le E22 í

6 A dtugtaí CREST air roimhe seo. Coiste a ndéanann an Coimisiún cathaoirleacht air. Is í Ardrúnaíocht na Comhairle a sholáthraíonn rúnaíocht dó. Le nósanna imeachta CELT ceadaítear Meithleacha ad hoc a bhunú. Leis an tagairt seo, áirítear dhá fhoirmíocht thiomanta de chuid CELT: an Grúpa Ardleibhéil Comhphleanála (GCP) agus an Fóram Straitéiseach um Chomhar Idirnáisiúnta san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (FSCI).

7 Cf. 14274/10

| IOMPAR, TEILEACHUMARSÁID AGUS FUINNEAMH | |
|---|---|
| H.1 | An Mheitheal um Iompar de Thalamh[1] |
| H.2 | An Mheitheal um Loingseoireacht[1] |
| H.3 | An Mheitheal um Eitlíocht[1] |
| H.4 | An Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódula agus Gréasáin [1] |
| H.5 | An Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise ** |
| H.6 | An Mheitheal um Sheirbhísí Poist |
| H.7 | An Mheitheal um Fhuinneamh[2]** |
| H.8 | *Níl ann di a thuilleadh* |

| FOSTAÍOCHT, BEARTAS SÓISIALTA,SLÁINTE AGUS GNÓTHAÍ NA dTOMHALTÓIRÍ | |
|---|---|
| I.1 | An Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta |
| I.2 | An Mheitheal um an tSláinte Phoiblí |
| I.3 | An Mheitheal um Chosaint agus Faisnéis na dTomhaltóirí |
| I.4 | An Mheitheal um Chógaisíocht agus um Fheistí Leighis |
| I.5 | An Mheitheal um Earraí Bia |

| AN COMHSHAOL[3] | |
|---|---|
| J.1 | An Mheitheal um an gComhshaol |
| J.2 | An Mheitheal um Shaincheisteanna Idirnáisiúnta i leith an Chomhshaoil |

| OIDEACHAS, AN ÓIGE, CULTÚR AGUS SPÓRT | |
|---|---|
| K.1 | An Mheitheal um Oideachas |
| K.2 | An Mheitheal um an Óige |
| K.3 | An Coiste um Ghnóthaí Cultúrtha |
| K.4 | An Mheitheal um an Earnáil Chlosamhairc |
| K.5 | An Mheitheal um Spóirt[4] |

---

** Ba cheart do na toscairí uile imréiteach slándála a bheith acu ar an leibhéal CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL ar a laghad.[1] Tagann na meithleacha seo le chéile i bhfoirmíochtaí speisialta freisin i gcomhréir lena riachtanais oibríochtúla, lena n-áirítear mar choistí speisialta dá bhforáiltear i dtreoracha idirbheartaíochta de chuid na Comhairle.

2 Lena n-áirítear an Mheitheal Ardleibhéil um Fhuinneamh.

3 Tagann an Mheitheal seo le chéile i bhfoirmíochtaí difriúla de réir an ábhair atá á phlé.

4 Féach 5009/10, Coreper 1 i mí na Feabhra 2010.

## RIALÚ AR ROCHTAIN AGUS NÓSANNA IMEACHTA SLÁNDÁLA DO CHRUINNITHE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

*Rialú ar rochtain*

1. Déanfar cearta rochtana a sheiceáil ag an doras do chruinnithe de chuid COREPER II, COREPER I, an CPS, CMAE, COSI agus CATS. D'fhéadfaí seiceálacha randamacha ar chearta rochtana a dhéanamh do chruinnithe eile. Caithfidh toscairí a suaitheantas aitheantais a chaitheamh ar bhealach sofheicthe. D'fhéadfadh an Oifig Slándála rochtain a dhiúltú d'aon toscaire nach féidir leis/léi a shuaitheantas nó a suaitheantas aitheantais a thaispeáint. Iad siúd a bhfuil suaitheantais lae acu, ní ligfear isteach chuig cruinniú iad mura bhfuil údarú sainráite luaite don chruinniú sin ar an suaitheantas.

*Plé ar ítimí rúnaicmithe*

2. Gach plé ar ítim rúnaicmithe, caithfear é a eagrú i gcomhréir le rialacha slándála na Comhairle i dtaca le faisnéis rúnaicmithe an AE a chosaint[1].

*SECRET UE/EU SECRET*

3. Aon phlé a dhéanfar ar ítim lena mbainfidh faisnéis atá rúnaicmithe mar SECRET UE/EU, déanfar i gcónaí é sa seomra atá ceaptha chuige sin. Ní cheadaítear aon ghléas leictreonach (fón póca san áireamh) a thabhairt isteach sa seomra. Meabhrófar an riachtanas imréitigh slándála a bhaineann le hítim ar leith do thoscairí roimh ré san fhógra ina dtionóltar an cruinniú. Caithfidh na húdaráis náisiúnta iomchuí, Ard-Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin nó Oifig Slándála SEGS, Dearbhú Pearsanta Imréitigh Slándála (PSCC) na dtoscairí nó cruthúnas eile ar imréiteach slándála[2] a chur ar aghaidh chuig Oifig Slándála Ardrúnaíocht na Comhairle (r-phost: s*ecurite.habilitations@consilium.europa.eu*), nó, i gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an toscaire é féin é a chur ar fáil. Rialóidh Oifig Slándála Ardrúnaíocht na Comhairle an rochtain don ítim sin le cúnamh oifigeach na hArdrúnaíochta atá freagrach as an gcruinniú a eagrú. Tá treoir faighte ag an Oifig Slándála gan glacadh le haon eisceachtaí.

*CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL*

4. Is féidir ítimí lena mbaineann faisnéis atá rúnaicmithe mar CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL a phlé in aon seomra cruinnithe. Meabhrófar an riachtanas imréitigh slándála a bhaineann le hábhar ar leith do thoscairí roimh ré san fhógra ina dtionóltar an cruinniú. Caithfidh na húdaráis náisiúnta iomchuí, Ard-Stiúrthóireacht Slándála an Choimisiúin nó Oifig Slándála SEGS, Dearbhú Pearsanta Imréitigh Slándála (PSCC) na dtoscairí nó cruthúnas eile ar imréiteach slándála a chur ar aghaidh chuig Oifig Slándála Ardrúnaíocht na Comhairle (r-phost: s*ecurite.habilitations@consilium.europa.eu*), nó, i gcásanna eisceachtúla, féadfaidh an toscaire é féin é a chur ar fáil. Cuirfidh an cathaoirleach in iúl dóibh siúd atá i láthair go gcaithfidh siad an seomra a fhágáil mura bhfuil an t-imréiteach slándála cuí acu agus tabharfaidh sé treoir do na toscairí agus na hateangairí gach gléas leictreonach a mhúchadh (ríomhairí glúine, fóin póca, ríomhairí boise, srl.) fad is a mhaireann an plé ar an ítim sin. Déanfaidh Oifig Slándála na hArdrúnaíochta seiceálacha ar an láthair le cúnamh oifigeach na hArdrúnaíochta atá ag fónamh don chruinniú a bhfuil na hítimí sin ar an gclár ann.

---

[1] Cinneadh 2011/292/AE ón gComhairle (IO L 141, 27.05.11, lch. 17-65).

[2] Le rialacha slándála na Comhairle (mír 34 agus mír 35 d'Iarscríbhinn I) ceadaítear rochtain do dhuine aonair, faoi réir coinníollacha sonracha, ar bhonn sealadach nó eisceachtúil, ar fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an AE ar leibhéal atá leibhéal amháin níos airde ná leibhéal imréitigh an duine sin.

**<u>IARSCRÍBHINN III</u>**

## LIOSTA NA gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN A BHFUIL CATHAOIRLEACH SEASTA ACU

### I. Coistí agus Meithleacha a bhfuil cathaoirleach tofa/ainmnithe acu

A.2 An Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais
A.3 An Coiste Fostaíochta
A.7 Coiste um Chosaint Shóisialta
A.9 An Coiste Míleata
A.11 An Coiste um Beartas Eacnamaíoch
A.12 An Coiste um Sheirbhísí Airgeadais
C.26 Meitheal an Choiste Mhíleata
D.5 An Mheitheal um an gCód Iompair (Cánachas Gnó)

### II. Coistí agus Meithleacha arb é ionadaí de chuid Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála atá mar chathaoirleach acu

A.5 An Coiste Polaitiúil agus Slándála (CPS)
A.10 An Coiste um Ghnéithe Sibhialtacha den Bhainistíocht Géarchéime (CIVCOM)
C.4 An Mheitheal um na Náisiúin Aontaithe (CONUN)
C.5 An Mheitheal um ESCE agus um Chomhairle na hEorpa (COSCE)
C.6 An Mheitheal um Chearta an Duine (COHOM)
C.7 An Mheitheal um Chaidreamh Trasatlantach (COTRA)
C.9 An Mheitheal um Oirthear na hEorpa agus Lár na hÁise (COEST)
C.11 An Mheitheal um Réigiún na mBalcán Thiar ((COWEB)
C.13 An Mheitheal um an Meánoirthear/an Mhurascaill (MOG)
C.14 An Mheitheal um an Mhaisreic/an Mhaghraib (MAMA)
C.15 An Mheitheal um an Afraic (COAFR)
C.17 An Mheitheal um an Áise-Aigéine (COASI)
C.18 An Mheitheal um Meiriceá Laidineach (COLAT)
C.20 An Mheitheal um Neamhleathadh (CONOP)
C.21 An Mheitheal um Onnmhairiu Gnáth-Arm (COARM)
C.22 An Mheitheal um Dhí-Armáil Dhomhanda agus Rialú Arm (CODUN)
C.25 An Mheitheal um Chúrsaí Polaitiúla-Míleata (PMG)
C.36 Meitheal Nicolaidis

### III. Coistí agus Meithleacha arb í Ardrúnaíocht na Comhairle a dhéanann cathaoirleacht orthu

A.13 An Coiste Slándála
B. 9 An Mheitheal um Fhaisnéis
B.21 An Mheitheal um R-Dhlí
B.11 An Coiste Comhordúcháin do Chórais Cumarsáide agus Faisnéise
B.12 An Mheitheal um Chódú Reachtaíochta
B.13 Meitheal na Saineolaithe Dlí/Teanga